Páipéar Samplach 6
Gaeilge: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Mairfidh an triail seo tuairim is fiche nóiméad. Tá trí chuid sa triail: Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

Fógra a haon

Cuirfidh Bord na Leabhar Gaeilge lá Gaeilge ar siúl do léitheoirí óga Chathair Chorcaí Dé hAoine seo chugainn. Is i mbrainse Bhanc na hÉireann i lár na cathrach a bheidh na himeachtaí ar siúl idir a haon déag a chlog ar maidin agus cúig a chlog tráthnóna. Is ar dhaoine óga idir aon bhliain déag agus sé bliana déag atá an lá dírithe. Roinnfear na páistí i sé ghrúpa agus beidh scríbhneoirí aitheanta i mbun seisiún léitheoireachta agus cainte leo i rith an lae. Cuirfear deireadh leis an lá le seó draíochta agus céilí, ag tosú ar a naoi a chlog.

Fógra a dó

Fógraíonn Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo scéim scoláireachtaí do dhaoine óga a d'fhreastal ar scoileanna Gaeltachta nó ar scoileanna lán-Ghaeilge dara leibhéil. Is fiú €2000 gach ceann de na scoláireachtaí seo agus bronnfar iad ar dhaltaí a bheidh sásta cúrsaí céime B.A. i nGnó agus Cumarsáid trí Ghaeilge a dhéanamh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag tosnú i mí Dheireadh Fómhair 2005. Deich gcinn de na scoláireachtaí a bheidh i gceist agus is é Údarás na Gaeltachta a dhéanfaidh urraíocht orthu.

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Comhrá a haon

Maidhc: Hello!

Bríd: Hello, a Mhaidhc. Comhghairdeas, chuala mé gur éirí leat i do thriail tiomána.

Maidhc: D'éirigh liom, a Bhríd. Go raibh maith agat ach bhain sé an t-allas asam, mise á rá leat.

Bríd: Ara éist! Rinne tú éacht. D'éirigh leat sa triail ar an chéad iarracht agus is beag duine a n-éiríonn leis é sin a dhéanamh.

Maidhc: Rud eile, a Bhríd. Bhí orm an scrúdú tiomána a dhéanamh ag am lóin agus tá a fhios agat féin go mbíonn an trácht uafásach ag an am sin.

Comhrá a dó

Pól: Chonaic mé na réamhfhógraí do chomórtas leadóige Wimbledon ar an teilifís aréir, a Shinéad. Nach é sin an spórt is fearr leatsa?

Sinéad: Is é go deimhin, a Phóil, ach comhartha é teacht Wimbledon, go bhfuil an scrúdú Ardteistiméireachta ar leac an dorais againn chomh maith agus scanraíonn sin an t-anam asam.

Pól: Ara, bíodh misneach agat, a chailín. Beidh an scrúdú thart sula mbeidh na craobhchluichí ar siúl.

Sinéad: Ach mura mé sásta leis na scrúdaithe, ní bhainfidh mé aon taitneamh as an leadóg.

Pól: Nuair a bheidh na scrúdaithe thart, ná bímís ag smaoineamh orthu níos mó. Féach, ólfaimid cúpla deoch i dTigh Mháirtín lá na gcraobhchluichí. Táim féin ag súil le craochchluiche na mban ach go háirithe

Sinéad: An bhfuil anois? Is é ag féachaint ar na mná, seachas ar an leadóg a bheidh tusa a déarfainn.

Pól: Agus cé thógfadh orm é? Nach breá na mná iad na deirfiúracha Williams agus Anna Kournikova, gan ach an triúr sin a lua! Agus gan trácht ar an tallann iontach don leadóg atá iontu.

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Píosa a haon

D'oscail an tAire Iompair, Séamas Ó Braonáin, córas traenach neamhghnách i Lios Tuathail, Contae Chiarraí le déanaí. Chruthaigh Franach darb ainm Henri Lartigue an córas traenach seo sa bhliain 1890. Traen ghaill atá i gceist a ghluaiseann ar aon ráille amháin, méadar go leith os cionn an talaimh. Leagadh síos 500 méadar den ráille nua seo le bliain anuas agus cuireadh comhair ar shean-ineall ghaile a d'imigh as feidhm sa bhliain 1930. Tá comhairle an bhaile ag súil go meallfaidh an traen stairiúil seo cuairteoirí go dtí an baile.

Píosa a dó

Chuir Club Seoltóireachta Dhún Laoghaire fáilte abhaile roimh Pheadar agus Susan Grey ó thuras timpeall an domhain a dhéanamh i mbád seoil. Chaith Peadar agus Susan ocht mbliana ar an turas. Lena linn, chaith siad trí bliana ag cur eolais ar chósta na Nua-Shéalainne agus chuir siad aithne ar na daoine atá ina gcónaí ar na hoileáin san Aigéin Chiúin. Brionglóid ab ea í seo a bhí riamh ag Peadar agus bhí sé in ann é a chuir i crích nuair a chuaigh sé amach ar phinsin luath óna phost mar innealltóir le Bord Soláthar an Leictreachais.

Sin deireadh na trialach. Slán